

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN



An bheochan agus an ‘performance’ i dtraidisiúin na hÉireann
[Animation and performance in Irish tradition].

Steve Coleman, Roinn na hAntraipeolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad

Abstract

Is there a particularly Irish culture of performance? I suggest that there is – the defining feature of which is the role played by alterity - the living presence of an “other” in performance. This “other” is usually a

person or persons, the being of whom is felt to be immanent in the material performed. Performance thus has a strong element of animation. Following the lead of Gary Gossen, for whom Chamula oral tradition constituted an “ethical statement”, I argue that Irish tradition also carries an implicit ethics, as can often be seen from performers’ statements about what they do. Scholars such as Silvio, Manning, and Gershon have been re-examining the term “performance” itself, showing its cultural and historical boundedness. I suggest that Irish tradition be likewise re-examined in the light of these theoretical developments.

Tá mé ag plé le traidisiúin cruthaíochta na hÉireann le beag nach tríocha bliain anois, mar thaighdeoir agus (ó am go chéile) mar cheoltóir, agus mé ag déanamh iontais i gcónai faoi nádúr agus ról an láithriú os comhar lucht éisteachta/féachana (i.e. performance an Bhéarla) sa traidisiúin.

An bhfuil a leithéid ann agus traidisiún sainiúil láithrithe in Éirinn – traidisiún nó cleachtas nó tuiscint ar leith faoi cheard atá ar siúl nuair atá duine i mbun ceoil, ag déanamh damhsa, ag gabhail fhionn nó fiú ag cur caint craicneach i láthair grúpa cairde? Rud a taibhsíodh dom den chéad uair ná go raibh a leithéid ann, agus

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

mé ag cur aithne ar Éireannaí i Seattle agus Chicago. Nuair a d'éirí liom cur fúm in Éirinn, d'fhan an cheist seo i m'intinn. As an traenáil antraipeolaíochta a bhí agam fuar mé tuiscint ar “chultúr” mar chórás siombalach aonadach (a bheag nó a mhór) atá taobh thiar de thuiscintí agus cleachtas an pobail, go háirithe mar a bhaineann siad le ‘cultúr léiritheach’ (expressive culture) agus le pobail ar leith urlabhra.

Bhí obair Ghary Gossen ar m'intinn - rinne sé amach go raibh tuiscint ionlán ag na Chamula as stát Chiapas i Mexicó faoi na seánaí cainte ar fad atá acu. Tuigeann muintir Chamula nádúr na hurlabhra agus an córas cainte ar fad trí mheafair an teasa. Baineann an ‘teas’ seo le gach ghné na hócáide urlabhra. Tá réimeanna áirithe cainte níos ‘teo’ ná a chéile mar gheall go bhfuil feidhm níos ‘airde’ acu. Éiríonn croí an chaointeora níos teo le déine na hócáide agus éiríonn ‘teas’ agus fileatas an fhriotaill dá réir. Teas na gréine atá i gceist go bunúsach, agus an ghrian i lár cosmais Chamula. Fealsúnacht agus “eitic” sainiúil Chamula atá taobh thiar de na tuiscintí seo:

“Chamula oral tradition constitutes an ethical statement whose categories (genres) are organized according to attributes which also organize other aspects of Chamula expressive behavior and values. In this way,

the structure of the whole of Chamula oral tradition may be seen to be isomorphic with the structures of other aspects of Chamula life such as religion and worldview.” (Gossen 1971:145)

“Ráiteas eiticiúil” a bhí i dtraidisiún béal mhuintir Ballymenone chomh maith, dar leis an béaloidseasaí Henry Glassie – agus tá mé faoi chomaoin ag Gearóid Ó Crualaich as an léamh grinn atá déanta aige ar shaothar Glassie. Bhí tuiscint ag muintir Ballymelone faoin “chraic” mar a thug siad féin air, mar rud a théann i ndéine le cuideachta agus sult an chomhluadair; agus is í an chaint a spreagann seo – murach í, ní bheadh comhluadair nó pobal ar bith ann – agus cé go bhfuil an chaint contúirteach, is í bunchloch an chomhluadair í. Cosúil le muintir Chamula, ardaíonn déine na hócáide agus fileatas na hurlabhra le chéile. Dar le muintir Ballymenone, ardaíonn “an chraic” i gcéimeanna ar nós staighre, o thost go caint, agus ansin go scéalaíocht, amhránaíocht agus sa deireadh, ceol. Ach is é inneall an phróiseas seo ná “an carúl cainte” (nó an ‘bid’ mar a thug muintir Ballymenone air) – “ráiteas tomhaiste, stuama, machnamhacha, flaithiúla ...mar fhreagraí ar bhleid, ar cheist, ar thuairim.” Déanann sé seo an “breakthrough into performance” (mar a luaigneach an t-antraipeolá Dell Hymes) ó chaint choitianta neamhfhoirmeálta go leibhéal

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

cainte atá níos éifeachtúla agus níos fileata. Cuireann sé craiceann ar an gcaint:

“Greann agus géire intinne agus sárú is nádúr don chraic seo agus, le linn do seo a bheith faoi láinseol, áiríonn an mhuintir féin go dtarlaíonn casadh san ócáid urlabhra mar léiriú ar dhéine bhreise eile bheith tagtha sa chumarsáid a thógann go leibhéal eile fós é.” (Ó CruaLaoich 1992:96-97)

Agus mé ag cur fún in Éirinn, thug mé faoi deara go mbíodh an patrún seo i bhfad níos coitianta ná a cheap mé ar dtús, fiú in áiteanna agus ar ócайдí seachas na hoícheanta airneáin foirmiúla a chur Glassie síos orthu. Agus bhí rud eile i gceist chomh maith: bhí an t-athrá níos coitianta ná an leagan bunúil, go hairithe mar thús a chur leis “an chraic;” bhí rud ar leith ag baint le aithris ar chaint chraicneach duine eile seachas ráiteas cliste do chuid féin a dhéanamh, agus luach ar leith ag gabhail leis. Agus – rud a luann Glassie agus Ó CruaLaoich – nuair a déantar aithris ar charúl cainte, tagann scéilín leis chun eolas a thabhairt don éisteoir ar chomhthéacs bhunúil na cainte. Ar an gcaoi sin, bhí cleachtas an Charúl Cainte an-cosúil le traidisiún an tsean-nóis – mar go mbíonn saghas scéil (“údar”) ag amhrán a chuireann síos ar an mbun-chomhthéacs (Coleman 1997, 1999, 2004).

Le chabhair ó mhuintir Ráth Chairn thig mé gur aon traidisiún amháin, ‘cultúr léiritheach’ i leith, atá i gceist, sa Ghaeltacht ar a laghad – idir cineálacha cainte agus scéalaíochta, ceol, filíocht, damhsa agus amhránaíochta – go bhfuil na buntuiscintí céanna cultúrtha taobh thiar díobh. Thosaigh mé ag smaoineamh ar an traidisiún mar chóras aithrise – pé saghas ealaíne a bheadh á láithriú, bheadh áit lárnach inti d’aithris ar thaibheoir eile, nó bheadh an léiriú ar fad ceaptha ina shaghas aithrise:

Mar shampla, tá an tuiscint ann faoin traidisiún amhránaíochta gur taifead stairiúla iad focal an amhráin ar fhocail an fhile féin, nó fiú ar chaint na bpearsana atá san amhrán, díreach mar a thíainig sí as a mbéil, agus iad i mbun chomhraigc nó chomhrá, in eachtra a tharla fadó. Baineann seo le traidisiún na filíochta agus an tuiscint forleathan go mbriseann filíocht amach ex tempore ó bhéal duine atá corraithe, agus gur rud “crua” agus buan í an filíocht. Is minic go mbíonn ainm nó lorg cheoltóra eile ar phort cheoil, agus fiú plé déanta ag ceoltóirí faoi agus iad i mbun cheoil. Bhí an t-athfhriotal mar chuid thábhachtach de dhamhsa freisin – dúirt Máirtín Choiil Neaine Pháidín liom gur thosaigh sé ag déanamh “steip” le aithris a dhéanamh ar dhamhsóirí a thaitin leis, agus anois déanann sé tagairt dóibh go minic mar chuid dá ealaíon.

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

Feictear dom anois gurb í an eileacht an rud is tábhactaí sa traidisiún seo, .i. an chaoi an mbíonn pearsana eile ceangailte suas san ábhar – cuma cén t-ábhar atá i gceist: an chaint, an ceol, an damhsa, agus mar sin de. An té a chumann scéilín grinn nó “carúl cainte”, píosa ceoil nó filiochta, amhrán, “steip” ar leith sa damhsa aonair, agus fiú an té a fhaigheann stíl os bealach éagsúil chun ná rudaí seo a léiriú os comhair lucht éisteachta/féachana – má fhanann na foirmeacha nó na stíleanna seo i gcuimhne na ndaoine, is dóichí go gcuirfear i gcúrsaíocht iad agus go mbíonn na daoine sin ceangailte leo ar bhealach éigin - mar ainm air (port) nó mar phearsa i scéal a theann leis. Go minic, bíonn níos mo ná ainm lom ag gabhail leis – bíonn scéalta beaga a léiríonn pearsantacht an duine á seachadadh freisin, go dtí go gceapfá go bhfuil pearsantacht an duine “istigh” sa gceol, sa dán, sa stíl, agus mar sin de. Is neacha beo iad na pearsana seo sa dtraidisiún, agus bíonn dualgas ar an té atá ag iarraidh ábhair a chur i láthair a bheith beagánín urramach dóibh. Dar le Richard Bauman, baineann gach traidisiún le próiseas “traidisiúnú” – naisc (dearfa nó intuigthe) a dhéanamh le linn an léirithe le léirithe eile a tháinig roimhe (Bauman 2012:109) – agus sa traidisiún seo is idir daoine is mó a mbíonn na naisc seo déanta, nó le bheith níos cruinne, idir an cainteoir/reacaire/ceoltóir/damhsóir agus

pearsa a tháinig roimhe – pearsa a bhfuil ábhar an traidisiún ar nós iarsma de. Ar ndóigh, baineann dúchas le dúiche chomh maith, agus ceapaim gurb as an bpróiseas seo a thógtar grá agus dílseacht ar áit chomh fada agus a bhaineann sé leis an láithriú.

Anois is féidir traidisiún na hÉireann a thuiscint mar “ráiteas eiticiúil,” agus ní annamh téarmaí na heitice seo a bheith ráite go follasach – cur i gcás na hagallaimh le Seosamh Ó hÉanaí atá lonnaithe anois sa gCartlanna i gCarna (<http://www.joeheaney.org/ga/>), nó an dírbheathaisnéis atá faoi lámh ag Tony MacMahon. Sa chur síos atá ag an mbeirt seo, tá ar an oirfideach (ceoltóir nó amhránaí) eolas a bheith aige/aici faoi na daoine a tháinig roimhe (príomhphearsa an amhráin, cumadóir nó seachadóir an cheoil), agus meas orthu a bheith aige/aici dá réir. Is gníomh samhlaíochta atá i gceist, a bhaineann le cuimhne phoiblí agus eolas pearsanta. Tá béim sách mór sa machnamh seo ar ghné na eileachta – tá daoine eile fós “beo” in ábhar an traidisiún, agus is beochan atá i gceist le ceol nó amhrán a láithriú. Sin an fáth gur cheap mé riamh nach bhfuil ‘performance theory’, mar atá, ró-oriúnach le haghaidh traidisiún na hÉireann a thuiscint. Sa critíc atá á dhéanamh air faoi láthair ag antraipeolaithe ar nós Silvio (2010), Hastings agus Manning (2004), agus Manning

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

agus Gershon (2013), éilítear go mbíodh an iomarca béime ar ghné na féiniúlachta agus ar phearsa an taibheora féin. Cur i gcás sainmhíniú Richard Bauman:

“Fundamentally, performance as a mode of ... communication consists in the assumption of responsibility to an audience for a display of communicative competence” (Bauman 1977:293). An aisteoir féin agus a ról sóisialta (a dhualgas do lucht féachana) atá á phlé sa teoiric seo, seachas an rud atá léirithe - an t-ábhar, an charachtar, an traidisiún féin mar rud atá á bheochan, ní hamháin ag an oirfideach féin, ach ag an dream ar fad atá bailithe lé chéile – agus is minic i dtraidisiúin an airneáin in Éirinn nach bhfuil mórán idirdhealú ann idir “oirfideach” agus “lucht éisteachta/féachana.” Dar le Manning and Gershon, idirdhealú aisteoir agus ról is mó atá i gceist le “performance theory,” ach baineann an beochan le “many-to-one relationship” idir lucht cruthaithe agus carachtar crutha. Is minic nach bhfuil “lucht éisteachta/féachana” ná “státse” ann sa traidisiún seo. Agus nach minice go mbíonn aird na ndaoine ar an rud atá beoite seachas ar an té ata á bheochan? Silim gurb ’é an cás le amhránaíocht “ar an sean-nós,” taobh amuigh de chomórtais agus i gcomhthéacsanna eile a bhaineann le stáitsiú an traidisiún – agus fiú sna cásanna sin, ní annamh go ndéanann an dream ar an státse iarracht an t-ábhar a “chomhthéacsú” don

lucht éisteachta– iad a threoshuíomh (mar a déarfadh Erving Goffman) sa gcaoi go mbeidís in ann páirt a ghlacadh san imeacht ar bhealach níos “traidisiúnta.”

Má bhreathnaíonn muid ar stair an téarma “performance” feiceann muid go mbaineann sé le réimse áirithe staire agus le cultúr agus pobal ar leith: Tagann sé ón tSean-Fhraincis *parfournir* – ‘críochnaigh’, ‘comhlíonadh go hiomláin’ (Turner 1982:13). Ó na samplaí stáiriúla san OED feiceann muid gurb as saol agus cultúr na Normannach a tháinig an téarma isteach sa mBéarla – ó réimse an dlí, an saol míleata, agus an saol diaganta. Agus ár nó, bhíodh dlúthcheangal idir na réimsí sin i saol na Normannach agus iad i mbun gabháil Shasana agus Éire. Is sa domhan sin a ceanglaíodh na bríonna éagsúla le chéile in aon choinchéap aontaithe amháin. Agus níl téarma coibhéiseach i mórán teangacha eile. lasacht as an mBéarla atá sa bhFraincis nua-aimseartha.

Réimse áirithe staire atá i gceist leis an gcoincheap “performance” sa saol acadúila chomh maith. Dár le Silvio, baineann réim an “performance theory” le ré áirithe an chaipitleachais: idir Fordachas (ré na monarchana agus ‘disciplín’ Foucault) agus an Nua-Liobrálachas (ré na “feidhmíochta” san ionad oibre; ré “oibre an bóna

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

bándezirge"). Anois tá muid ag dul isteach i ré nua: ré na glúine Mílaoisí, ré na meáin dhigiteacha agus na meáin shóisialta, agus sa gcultúr coitinn, ré na beochana (anime, emotions, cosplay agus mar sin de). Tá na hidirdhealuithe ag imeacht: an obair vs. an saol pearsanta, "an fíorshaol" vs. an saol "ar líne", an pearsantacht vs. an próifil. Agus fógraíonn Silvio agus a comhghleacaithe casadh teoiriciúil sna heolaíochtaí sóisialta agus sna na daonnachtaí: ó bhéim ar an bhféiniúlacht go dtí béim ar an eileacht. Baineann na hathruithe seo le riachtanais nua sa saol: neamhbhuaine an saol oibre, béim curtha ar "sholúbthacht" an lucht oibre, agus gach saghas héiginnteachta i saol an domhain. Ach ré nua sa teoiric atá i gceist ag Silvio; cé go raibh feininéan na beochana ann roimhe seo, samhlaíodh é go teoiriciúla leis an "anamachas" agus le saol na treibh. Sa tuiscint nua ata á fhorbairt ag Silvio et. al., bíonn an beochan (léiriú na heileachta) agus an 'performance' (léiriú na féiniúlachta) mar dhá ghné den phróiseas céanna. Cabhraíonn an casadh nua teoiriciúla seo na hathruithe cleachtais sa saol a thuiscent, ach ba cheart iad a úsáid chomh maith chun na sean-cleachtais a thuiscent ar bhealach nua.

Bauman, Richard. 1977. *Verbal Art as Performance*. Prospect Heights: Waveland Press.

— 2012. "Performance." In *A companion to folklore*, edited by Regina Bendix and Galit Hasan-Rokem, 94-118. Malden, MA: Wiley-Blackwell.

Coleman, Steve. 1997. "Joe Heaney and Style in Sean-nós Singing." In *Blas: the Local Accent in Irish Traditional Music*, edited by Thérèse M. Smith and Mícheál Ó Súilleabháin., 31-52. Limerick: Irish World Music Centre, University of Limerick.

— 1999. "Return From the West: a Poetics of Voice in Irish." Ph.D. dissertation, Department of Anthropology, The University of Chicago.

— 2004. "The nation, the state, and the neighbors: personation in Irish-language discourse." *Language & Communication* 24 (4):381-411.

Glassie, Henry. 1982. *Passing the Time in Ballymenone*. Bloomington: Indiana University Press.

Gossen, Gary H. 1971 Chamula Genres of Verbal Behaviour. *The Journal of American Folklore* 84 (331): 145-167.

Hastings, Adi, and Paul Manning. 2004. "Introduction: acts of alterity." *Language & Communication* 24:291-311.

AN BHEOCHAN AGUS AN ‘PERFORMANCE’ I DTRAIDISIÚIN NA HÉIREANN

Manning, Paul agus Ilana Gershon. 2013.

Animating interaction. *HAU: Journal of*

Ethnographic Theory 3 (3): 107–37.

Ó Crualaoich, Gearóid. 1992. "An Ceol Sí agus Friotal na Laoch--Toradh an ghnímh liteartha 'nar measc." *Comhar* 51 (5):94-99.

Silvio, Teri. 2010. "Animation: The new

performance?" *Journal of Linguistic*

Anthropology 20 (2): 422–38.

Turner, Victor. 1982. *From Ritual to Theatre:*

The Human Seriousness of Play,. New York

City: Performing Arts Journal Publications.